Ainm an Iarratasóra
Seoladh an Iarratasóra

Ainm na Cuideachta
Seoladh na Cuideachta

Is féidir an litir a roinnt i gceithre alt

(i) **Cén Post?** Léirigh an post a bhfuil tú ag cur isteach air (má tá tú ag cur isteach ar phost a bhí fógartha) nó léirigh an cineál poist a mbeadh suim agat ann agus fiafraigh an bhfuil aon oscailtí/fholúntais ábhartha ar fáil

(ii) **Cén fáth an eagraíocht sin?** Léirigh go bhfuil roinnt taighde déanta agat ar na fostóirí/an eagraíocht seo; an fáth a bhfuil suim faoi leith agat oibriú dóibh (féach ar a bhfuil le rá acu fúthu féin ar a láithreán gréasáin nó ina mbileoga eolais). Ba chóir an chuid seo de gach litir a chur in oiriúint go sonrach don eagraíocht/don fhostóir lena mbaineann sí.

(iii) **Cad atá le tairiscint agatsa?** Déan gach a dtabharfaidh tú leat chuig an bpost seo a léiriú anseo, na scileanna a forbraíodh ó thaithí ábhartha (i suíomh fostaíochta eile fiú) agus scileanna eile m.sh. an-díograiseach, scileanna maithe cumarsáide agus eagrúcháin, a oibríonn go maith mar chuid d'fhoireann agus arís eile tarraing aird ar na háiteanna inar léirigh tú na scileanna seo san am a caitheadh. Go bunúsach tá tú ag tabhairt le fios dóibh gach a mbeidh á thabhairt chuig an bpost agat.

(iv) **Achoimre**/Alt gearr – Níl ort ach a lua go bhfuil tú ar fáil i gcomhair agallaimh ar a gcaoithiúlacht agus go bhfuil tú ag tnúth le freagra uathu etc
An tSeirbhís Gairmeacha agus Infhostaitheachta

**Acmhainní Úsáideacha**

- https://www.maynoothuniversity.ie/careers/students/jobs-and-experience
  https://gradireland.com/careers-advice/cvs-and-applications/cover-letters-for-graduate-jobs
- Readymade Job Search Letters. Lynn William, Kogan Page*
- The New C.V. That Gets You Interviewed. Aine Keenan, Wolfhound Press*

* Ar fáil i Leabharlann na hOllscoile (CAR 650.14)